Rannán Párolla,
An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Cor na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Payroll Division,
Department of Education and Skills,
Cornamaddy,
Athlone,
Co. Westmeath.
090 64 83600

**Ciorclán 17/2012**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta, agus chuig Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Choistí Gairmoideachais**

**Laghdú i ráta na Táille atá iníoctha le scoileanna agus le Coistí Gairmoideachais le haghaidh reáchtáil na Scéime Maoirseoireachta / Ionadaithe.**

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna athruithe maidir le leibhéal na táille riaracháin atá iníoctha le haghaidh na scoilbhliana 2011/2012 a chur in iúl do Choistí Gairmoideachais (VECanna), d'údaráis bhainistíochta scoileanna agus do mhúinteoirí.

2. D'fhógair an Rialtas mar cuid de *Bhuiséad 2012* go mbeadh an táille riaracháin atá iníoctha le scoileanna agus le Coistí Gairmoideachais á laghdú ó 5% go dtí 2%.

3. Moltar do Choistí Gairmoideachais leis seo an táille 2% a leithdháileadh ar bhonn 1.0% d'fhoireann riaracháin an VEC agus an 1.0% eile do scoileanna an VEC.

4. Gabhann an ciorclán seo in ionad na gciorclán, na rialacha agus rialachán ar fad a chuaigh roimhe i ndáil le ráta na táille riaracháin iníoctha. Déan cinnte le do thoil go ndéantar cóipeanna den Chiorclán seo a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta / don VEC agus go dtugtar an t-eolas atá ann ar aird na múinteoirí atá fostaithe agat.

5. Is féidir teacht ar an gCiorclán ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna faoi www.education.ie.

Padraig Maloney
Príomhoifigeach.
Aibreán 2012

Matt Ryan
Príomhoifigeach.
Aibreán 2012